# Líon na Bearnaí

## Sraith 8: Cuairt ar Aintín i Nua-Eabhrac

### Pictiúr 1

Bhí Máire agus a máthair ag _________ ar an teilifís. Tháinig an Crannchur Naisiúnta ar an scáileán. Tharla go raibh ticéad ceannaithe acu agus d'fhan siad ar na ___________ a thiocfadh as an druma iomrothlaithe. Ba iad na huimhreacha a tarraingíodh ná a dó, a sé, a ceathair déag, a naoi déag, fiche trí agus tríocha sé. Lig máthair Mháire scread aisti. "Ní chreidim é seo! Tá duais buaite agam. An chéad duais!"

### Pictiúr 2

Thóg Máire amach a fón póca agus thosaigh sí ag __________l chuig a cairde agus ag fógairt dóibh go léir gur tháinig an t-ádh orthu, gur bhuaigh a máthair an chéad duais sa Chrannchur. Chuir sí scéala chuig deirfiúr a máthar, Aintín Nóra, i Nua Eabhrac. Dúirt Máire léi go raibh an t-ádh orthu mar gur __________ Mam an chéad duais sa Chrannchur Náisiúnta. Ní gá a rá ach go raibh ríméad ar an aintín. Thug sí cuireadh dóibh teacht go Nua Eabhrac.

### Pictiúr 3

Is ansin a bhí an cheist le réiteach ag Máire agus a máthair. Cad a dhéanfaidis leis an airgead, leis an duais mhór a bhí __________ acu? An chéad rud a dúirt an mháthair ar ndóigh ná gur cheart dóibh beagán a thabhairt do Thrócaire. An dara rud ansin rith sé léi go bhféadfaidis teach níos fearr a thógáil, teach ___________. Ach an triú rud a bhféadfaidis a dhéanamh ná __________ a thabhairt ar a deirfiúr, Nóra, aintín Mháire, i Nua Eabhrac.

### Pictiúr 4

Chinn siad ar chuairt a thabhairt ar Aintín Nóra i Nua Eabhrac. Ba ghearr go raibh siad thuas sa spéir ar __________ eitleáin ag gluaiseacht i dtreo Aerfort JFK. Bhí an ghrian ag taitneamh go láidir sa spéir ghlan ghorm. Tar éis eitilt sé uair a chloig _________ siad in Aerfort JFK. Fuair siad tralaí chun na málaí go leir a iompar. Nuair a tháinig siad amach as Halla na bPaisinéirí a bhí ag Teacht bhí Nóra ansin chun fáilte mhór __________ a chur rompu. Dúirt sí go raibh lúchair uirthi iad a fheiceáil.

### Pictiúr 5

An oíche sin bhí dinnéar breá Iodáileach-Meiriceánach acu, píotsa piobarónaí agus sailéad mar aon le gloine fíona. Is léir go raibh an aintín ina cónaí in ________, thuas go hard i bhfoirgneamh spéire. Tá fuinneog mhór ar an seomra bia óna bhfuil _________ iontach ar fhoirgnimh arda Nua Eabhrac. An lá dar gcionn, chuaigh an triúr acu isteach go lár na cathrach go Broadway. Chonaic siad na __________ agus teidil na ndrámaí agus na seónna ar bhí ar siúl iontu. Cheap Máire go raibh an áit dochreidte.

# Líon na Bearnaí

**Pictiúr 6**

Thóg siad bus gan díon, bus na___________, ar thuras timpeall na cathrach chun go bhfeicfidis na séadchomharthaí go léir. Dhá áit a chonaic siad ná stocmhalartán Nua Eabhrac, áit bhrónach go leor do dhaoine a chaill airgead sa ___________ eacnamaíochta, agus Láthair a Naoi a hAondéag, mar a raibh an t-Ionad ________ Domhanda lonnaithe. Lá eile, chuaigh siad ag siopadóiracht agus thug siad cuairt ar cheann de na siopaí is cáiliula ar domhan, Siopa Macy, Macy’s.